

Breithiúnas na Cúirte (an Dara Dlísheomra) an 7 Aibreán 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Lietuvos vyriausiasis administracinis teismas – an Liotuáin) – UB v Kauno teritorinė muitinė

(Cás C-489/20) ⁽¹⁾

(Tarchur chun réamhrialú – Cód Custaim an Aontais – Múchadh fiachais custaim – Earraí a thugtar isteach go neamhdhleathach i gcríoch custaim an Aontais – Urghabháil agus coigistiú – Treoir 2008/118/CE – Dleachtanna máil – Treoir 2006/112/CE – Cáin bhreisluacha – Teagmhas inchánach – Inmhuirireacht)

(2022/C 213/13)

Teanga an cháis: an Liotuáinise

An chúirt a rinne an tarchur

Lietuvos vyriausiasis administracinis teismas

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóir: UB

Cosantóir: Kauno teritorinė muitinė

i láthair: Muitinės departamentas prie Lietuvos Respublikos Finansų ministerijos

An chuid oibríochtúil

- 1) Ní mór Airteagal 124(1)(e) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais a léirmhíniú sa chaoi sin go bhfuil an fiach custaim múchta nuair a dhéantar earraí a urghabháil agus a choigistiú tar éis iad a thabhairt isteach go neamhdhleathach iad i gcríoch custaim an Aontais Eorpaigh.
- 2) Ní mór Airteagal 2(b) agus Airteagal 7(1) de Threoir 2008/118/CE ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir leis na rialacha ginearálta maidir leis na socrúithe ginearálta maidir le dleacht mháil agus lena n-aisghairtear Treoir 92/12/CEE, chomh maith le hAirteagal 2(1)(a)(d) agus Airteagal 70 de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha, a léirmhíniú sa chaoi sin nach bhfuil sé i gceist leis an bhfiach custaim a mhúchadh ar an gcúis dá bhforáiltear in Airteagal 124(1)(a)(e) de Rialachán Uimh. 952/2013, fiacha a bhaineann le dleachtanna máil agus cáin bhreisluacha ar earraí a tugadh go mídhleathach isteach i gcríoch custaim an Aontais Eorpaigh, faoi seach, a mhúchadh.

⁽¹⁾ IO C 433, 14.12.2020

Breithiúnas na Cúirte (an Ceathrú Dlísheomra) an 7 Aibreán 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Nederlandstalige Ondernemingsrechtbank Brussel – an Bheilg) – Q, R, S v United Airlines, Inc.

(Cás C-561/20) ⁽¹⁾

(Tarchur chun réamhrialú – Aeriompair – Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 – Rialacha comhchoiteanna maidir le cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí i gcás nach gceadófar dóibh bordáil agus i gcás ina gcuirfear eitiltí ar ceal nó i gcás ina gcuirfear moill fhada orthu – Eitilt nascála ina bhfuil dhá mhír eitiltí – Moill fhada ar an gceann scríbe mar gheall ar mhoill sa dara cuid den eitilt sin idir dhá aerfort i dtríú tír – Bailíocht an rialacháin seo faoin dlí idirnáisiúnta)

(2022/C 213/14)

Teanga an cháis: an Ollainnis

An chúirt a rinne an tarchur

Nederlandstalige Ondernemingsrechtbank Brussel